18. PRÓTACAL MAIDIR LE GNÉITHE ÁIRITHE d'AIRTEAGAL III-130 DEN BHUNREACHT A CHUR I bhFEIDHM AR AN RÍOCHT AONTAITHE AGUS AR ÉIRINN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO ceisteanna áirithe a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn a shocrú,

AG FÉACHAINT do na socruithe speisialta taistil atá ann le blianta fada idir an Ríocht Aontaithe agus Éire,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

Airteagal 1

D'ainneoin Airteagail III-130 agus III-265 den Bhunreacht, aon fhorála eile den Bhunreacht, aon bhirt arna ghlacadh faoin mBunreacht nó aon chomhaontaithe idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas nó ag an Aontas agus a Bhallstáit le tríú Stát amháin nó níos mó, beidh an Ríocht Aontaithe i dteideal cibé rialuithe a mheasfaidh sí is gá a fheidhmiú ag a teorainneacha le Ballstáit eile ar dhaoine atá ag lorg iontráil sa Ríocht Aontaithe:

(a) d'fhonn a fhíorú an bhfuil an ceart chun iontráil sa Ríocht Aontaithe ag saoránaigh Ballstát, ag a gcleithiúnaithe atá ag feidhmiú ceart arna dtabhairt le dlí an Aontais, agus ag saoránaigh Stát eile ar tugadh cearta den sórt sin dóibh le comhaontú atá ina cheangal ar an Ríocht Aontaithe; agus

(b) d'fhonn a chinneadh an dtabharfar nó nach dtabharfar cead do dhaoine eile iontráil sa Ríocht Aontaithe.

Ní dhéanfaidh aon ní in Airteagal III-130 ná in Airteagal III-265 den Bhunreacht, ná in aon fhoráil eile den Bhunreacht ná in aon bheart arna ghlacadh faoi, dochar do cheart na Ríochta Aontaithe aon rialuithe den sórt sin a ghlacadh nó a fheidhmiú. Cuimseoidh tagairtí don Ríocht Aontaithe san Airteagal seo críocha a bhfuil an Ríocht Aontaithe freagrach as a gcaidreamh seachtrach.

Airteagal 2

Féadfaidh an Ríocht Aontaithe agus Éire leanúint de shocruithe a dhéanamh eatarthu féin maidir le gluaiseacht daoine idir a gcríocha ('an Comhlimistéar Taistil'), agus cearta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 1 á n-urramú go hiomlán acu. Dá réir sin, fad a choimeádfaidh siad socruithe den sórt sin ar bun, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 1 den Phótacal seo maidir le hÉirinn faoi na téarmaí céanna agus faoi na coinníollacha céanna atá ann i gcás na Ríochta Aontaithe. Ní dhéanfaidh aon ní in Airteagal III-130 ná in Airteagal III-265 den Bhunreacht, ná in aon fhoráil eile den Bhunreacht ná in aon bheart eile arna ghlacadh faoi, difear d'aon socruithe den sórt sin.

Airteagal 3

Beidh na Ballstáit eile i dteideal rialuithe den sórt sin a fheidhmiú ag a dteorainneacha nó ag aon phointe iontrála ar a gcríocha ar dhaoine ag lorg iontráil ar a gcríocha ón Ríocht Aontaithe nó ó aon chríocha a bhfuil sí freagrach as a gcaidreamh eachtrach chun na gcríoch céanna atá luaite in Airteagal 1 den Phrótacal seo, nó ó Éirinn fad a bheidh feidhm ag forálacha Airteagal 1 den Phrótacal seo maidir le hÉirinn.

Ní dhéanfaidh aon ní in Airteagal III-130 ná in Airteagal III-265 den Bhunreacht, ná in aon fhoráil eile den Bhunreacht ná in aon bheart arna ghlacadh faoi, dochar do cheart na mBallstát eile rialuithe den sórt sin a ghlacadh nó a fheidhmiú.

Airteagal 4

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo freisin maidir le gníomhartha a fhanfaidh i bhfeidhm de bhua Airteagal IV-438 den Bhunreacht.